Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/2587

16.12.2025

**CINNEADH (CBES) 2025/2587 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 15 Nollaig 2025**

**mar thaca le Teach Imréitigh Oirdheisceart agus Oirthear na hEorpa um Rialú Mionarm agus Armán Éadrom (SEESAC) do chur chun feidhme an Treochláir Réigiúnaigh maidir leis an ngáinneáil aindleathach ar airm sna Balcáin Thiar a chomhrac agus mar thaca le gníomhaíochtaí dí-armála agus rialaithe arm in Oirdheisceart agus in Oirthear na hEorpa**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 19 Samhain 2018, ghlac an Chomhairle Straitéis an Aontais i gcoinne Airm Thine, Mionairm agus Armáin Éadroma Aindleathacha agus a nArmlón, dar teideal Airm a Dhaingniú, Saoránaigh a Chosaint ('Straitéis MAAÉ an Aontais'), ina leagtar amach na treoirlínte do ghníomhaíocht an Aontais i réimse na mionarm agus na n-arm éadrom (MAAÉ). I Straitéis MAAÉ an Aontais, luaitear go dtugann an tAontas tosaíocht ar leith don chomhar réigiúnach mar mhodh éifeachtúil chun rialú a dhéanamh ar mhionairm. I Straitéis MAAÉ an Aontais, luaitear na Balcáin Thiar mar réigiún tosaíochta don tacaíocht.

(2) An 17 Bealtaine 2018, ag an gCruinniú Mullaigh idir an tAontas agus na Balcáin Thiar i Sóifia, tháinig ceannairí an Aontais ar chomhaontú maidir le Dearbhú Shóifia, dearbhú lenar sheas comhpháirtithe na mBalcán Thiar agus lena n-áirítear an gealltanas chun feabhas suntasach a chur ar an gcomhar oibríochtúil i gcomhrac na coireachta eagraithe idirnáisiúnta i réimsí tosaíochta mar shampla airm thine, drugaí, smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine.

(3) Tá réigiún na mBalcán Thiar fós ar cheann d'fhoinsí na gáinneála aindleathaí ar airm isteach san Aontas.

(4) An 10 Iúil 2018, d'óstáil Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann an 5ú Cruinniú Mullaigh idir an tAontas agus na Balcáin Thiar i Londain, a ghlac an 'Treochlár Réigiúnach le haghaidh réiteach inbhuanaithe ar sheilbh, mí-úsáid agus gáinneáil neamhdhleathach MAAÉ/arm tine agus a n-armlóin sna Balcáin Thiar faoi 2024' ('an Treochlár').

(5) Rinneadh an Treochlár a thabhairt cothrom le dáta ó shin agus a leathnú go dtí 2030.

(6) I gClár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe, a glacadh an 25 Meán Fómhair 2015, dearbhaítear nach féidir an fhorbairt inbhuanaithe a bhaint amach in éagmais na síochána agus na slándála agus go bhfuil sreafaí aindleathacha arm ar na tosca is cúis leis an bhforéigean, leis an easpa slándála agus leis an éagóir.

(7) Ag an gCeathrú Comhdháil Athbhreithniúcháin maidir le cur chun feidhme Chlár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe chun gach gné den trádáil aindleathach mionarm agus armán éadrom a chosc, a chomhrac agus a dhíothú, a tionóladh i mí an Mheithimh 2024 i Nua-Eabhrac, d'athdhearbhaigh Ballstáit na Náisiún Aontaithe a thábhachtaí atá sé comhar réigiúnach agus fo-réigiúnach a threisiú, trí chomhordú, comhairliúcháin, cómhalartú faisnéise agus comhar oibríochtúil feabhsaithe, de réir mar is iomchuí, le heagraíochtaí, sásraí, treochláir agus tionscnaimh ábhartha eile, idir réigiúnach agus fo-réigiúnach chomh maith le húdaráis forfheidhmithe dlí, rialaithe teorann agus ceadúnaithe onnmhairiúcháin agus allmhairiúcháin.

(8) Tá spriocanna an Treochláir a chomhaontaigh comhpháirtithe na mBalcán Thiar comhsheasmhach le hiarrachtaí an Aontais agus na Náisiún Aontaithe carnadh agus gáinneáil aindleathach MAAÉ agus a n-armlón a chomhrac. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas tacú leis na Balcáin Thiar agus an Treochlár á chur chun feidhme.

(9) Thacaigh an tAontas roimhe seo le cur chun feidhme an Treochláir trí bhíthin Chinntí (CBES) 2018/1788 [1] agus (CBES) 2022/2321 [2].

[1] Cinneadh (CBES) 2018/1788 ón gComhairle an 19 Samhain 2018 chun tacú le Teach Imréitigh Oirdheisceart agus Oirthear na hEorpa um Rialú Mionarm agus Arm Éadrom (SEESAC) chun cur chun feidhme an Treochláir Réigiúnaigh maidir le gáinneáil aindleathach ar airm a chomhrac sna Balcáin Thiar (IO L 293, 20.11.2018, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2018/1788/oj).

[2] Cinneadh (CBES) 2022/2321 ón gComhairle an 25 Samhain 2022 mar thaca le Teach Imréitigh Oirdheisceart agus Oirthear na hEorpa um Rialú Mionarm agus Armán Éadrom (SEESAC) do chur chun feidhme an Treochláir Réigiúnaigh maidir leis an ngáinneáil aindleathach ar airm sna Balcáin Thiar a chomhrac agus mar thaca le gníomhaíochtaí dí-armála agus rialaithe arm in Oirdheisceart agus in Oirthear na hEorpa (IO L 307, 28.11.2022, lch. 149, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/2321/oj).

(10) Bunaíodh Teach Imréitigh Oirdheisceart agus Oirthear na hEorpa um Rialú Mionarm agus Arm Éadrom (SEESAC) i mBéalgrád in 2002 agus feidhmíonn sé faoi shainordú comhpháirteach Chlár Forbartha na Náisiún Aontaithe agus na Comhairle um Chomhar Réigiúnach. Tá SEESAC ina chomharba ar an gComhshocrú Cobhsaíochta le haghaidh Oirdheisceart na hEorpa, cuidíonn sé le páirtithe leasmhara náisiúnta agus réigiúnacha leathadh agus mí-úsáid MAAÉ agus a n-armlóin a rialú agus a laghdú, agus ar an gcaoi sin cuireann sé le cobhsaíocht, slándáil agus forbairt fheabhsaithe in Oirdheisceart agus in Oirthear na hEorpa. Cuireann SEESAC béim ar leith ar thionscadail réigiúnacha a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar shreafaí iarbhír trasteorann arm.

(11) Measann an tAontas gurb é SEESAC an comhpháirtí cur chun feidhme is fearr chun an Treochlár a chur chun feidhme sna Balcáin Thiar i ngeall ar an taithí chruthaithe agus ar an ngréasán seanbhunaithe atá aige, i ngeall ar cháilíocht chruthaithe a chuid oibre agus i ngeall ar a ról comhordúcháin agus an Treochlár á ullmhú.

(12) Ina theannta sin, leis an ngníomhaíocht seo ón Aontas, ba cheart tacaíocht a chur ar fáil chun gáinneáil aindleathach ar airm a chomhrac i bPoblacht na Moldóive agus san Úcráin, stáit atá ag déileáil le dúshláin den chineál céanna maidir le rialú MAAÉ. Ba cheart an méid sin a dhéanamh tríd an eolas agus an taithí a fuarthas agus na dea-chleachtais a forbraíodh sna Balcáin Thiar ó 2001 i leith a aistriú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Tacóidh an tAontas le comhpháirtithe na mBalcán trí bhíthin chur chun feidhme an 'Regional Roadmap for a sustainable solution to the illegal possession, misuse and trafficking of SALW/firearms and their ammunition in the Western Balkans' [Treochlár réigiúnach chun teacht ar réiteach inbhuanaithe i ndáil le seilbh, mí-úsáid agus gáinneáil MAAÉ/arm tine agus a n-armlón sna Balcáin Thiar].

2. Cuirfidh an chéim nua de thacaíocht an Aontais leis an méid a baineadh amach faoi Chinntí (CBES) 2018/1788 agus (CBES) 2022/2321, agus an tionscadal 'Support for Enhancing the Fight Against the Illegal Possession, Misuse, and Trafficking of Small Arms and Light Weapons (SALW) in the Western Balkans' arna mhaoiniú tríd an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA/2021/425-067), arna gcur chun feidhme ag SEESAC.

3. Cuirfear an chéim nua de thacaíocht an Aontais chun feidhme i gcomhlántacht le Cinneadh (CBES) 2024/3006 ón gComhairle [3].

*Airteagal 2*

1. Díreofar ar cheithre phríomhréimse, lena gcoinneofar an cur chuige iomlánaíoch chun dul i ngleic leis an mbagairt ó MAAÉ sa réigiún.

2. Sna príomhréimsí sin, tugtar aghaidh ar leibhéil straitéiseacha agus beartais chomh maith leis na gnéithe oibríochtúla, agus ar an gcaoi sin cabhraítear go díreach ar gach leibhéal de rialú MAAÉ, agus béim ar an méid seo a leanas:

— comhordú a dhéanamh ar an gcur chuige réigiúnach agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Treochláir;

— cómhalartú eolais agus comhar idir-réigiúnach maidir le rialú MAAÉ a neartú;

— acmhainneachtaí seirbhísí forfheidhmithe dlí sa Mholdóiv agus san Úcráin a neartú chun seilbh neamhdhleathach, mí-úsáid agus gáinneáil a chomhrac;

— acmhainneachtaí seirbhísí forfheidhmithe dlí agus custaim sna Balcáin Thiar a neartú chun gáinneáil aindleathach a chomhrac.

3. Is iad na Balcáin Thiar raon feidhme geografach na gníomhaíochta, agus is iad an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv *, Montainéagró, an tSeirbia agus an Mhacadóin Thuaidh tairbhithe díreacha an tionscadail. Ina theannta sin, maidir leis na spriocanna a leagtar amach i mír 2, cuirfidh an ghníomhaíocht tacaíocht ar fáil do Phoblacht na Moldóive agus don Úcráin.

4. Leagtar síos tuairisc mhionsonraithe ar an ngníomhaíocht sin san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

(3) Cinneadh (CBES) 2024/3006 ón gComhairle an 2 Nollaig 2024 a thacaíonn le gníomhaíochtaí dí-armála agus rialaithe airm SEESAC in Oirdheisceart na hEorpa chun bagairt na mionarmán agus na n-armán éadrom ((MAAÉ) agus a n-armlón a laghdú (IO L, 2024/3006, 3.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/3006/oj).

* Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le Rún 1244/1999 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus leis an Tuairim ón gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

*Airteagal 3*

1. Beidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Is é SEESAC a dhéanfaidh cur chun feidhme teicniúil na gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 1(1), i gcomhar, i gcás inar gá, le Tiománaí an ardáin Eorpaigh ildisciplínigh i gcoinne bagairtí coiriúla (EMPACT).

3. Déanfaidh SEESAC a chuid cúraimí faoi fhreagracht an Ardionadaí. Chun na críche sin, déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá le UNDP, a ghníomhóidh thar ceann SEESAC.

*Airteagal 4*

1. Is é EUR 3 499 363,97 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh chur chun feidhme an tionscadail arna mhaoiniú ag an Aontas dá dtagraítear in Airteagal 1(1).

2. Déanfar an caiteachas a mhaoineofar leis an méid tagartha a leagtar amach i mír 1 a bhainistiú i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le buiséad an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar bhainistiú cuí an chaiteachais dá dtagraítear i mír 2. Chun na críche sin, tabharfaidh sé i gcrích an comhaontú is gá le UNDP, a ghníomhóidh thar ceann SEESAC. Sonróidh an comhaontú go n-áiritheoidh SEESAC infheictheacht ranníocaíocht an Aontais, atá iomchuí lena méid.

4. Déanfaidh an Coimisiún iarracht an comhaontú dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas maidir le haon deacrachtaí sa phróiseas sin agus maidir leis an dáta a thabharfar an comhaontú chun críche.

*Airteagal 5*

1. Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle faoi chur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha 6 mhí arna n-ullmhú ag SEESAC. Beidh na tuarascálacha sin mar bhonn leis an meastóireacht a dhéanfaidh an Chomhairle.

2. Tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir le gnéithe airgeadais an tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1(1).

*Airteagal 6*

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag 36 mhí tar éis an dáta a thabharfar an comhaontú dá dtagraítear in Airteagal 4(3) i gcrích. Rachaidh sé in éag 6 mhí tar éis dháta a theacht i bhfeidhm, áfach, mura mbeidh comhaontú den sórt sin tugtha i gcrích le linn tréimhse 6 mhí sin.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Nollaig 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

K. KALLAS

*IARSCRÍBHINN*

DOICIMÉAD TIONSCADAIL

**TIONSCADAL MAIDIR LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ RIALAITHE MAAÉ I dTACA LE CUR CHUN FEIDHME AN TREOCHLÁIR CHUN TEACHT AR RÉITEACH INBHUANAITHE I nDÁIL LE SEILBH NEAMHDHLEATHACH, MÍ-ÚSÁID AGUS GÁINNEÁIL MAAÉ/ARM TINE AGUS A nARMLÓN SNA BALCÁIN THIAR AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ DÍ-ARMÁLA AGUS RIALAITHE AIRM IN OIRDHEISCEART AGUS IN OIRTHEAR NA hEORPA**

## 1. **Réamhrá agus cuspóirí**

Tá airm thine, mionairm agus armáin éadroma aindleathacha ag cur go fóill leis an éagobhsaíocht agus leis an bhforéigean san Aontas Eorpach, ar a thairseach, agus sa chuid eile den domhan. Aithnítear é sin i *Straitéis an Aontais i gcoinne airm thine, mionairm agus armáin éadroma aindleathacha agus a n-armlón*, agus liostaítear na Balcáin Thiar agus Comharsanacht an Oirthir mar réimsí tosaíochta imní. Is é cuspóir foriomlán na gníomhaíochta seo rannchuidiú a thuilleadh le síocháin agus slándáil na hEorpa agus an domhain tríd an mbagairt a bhaineann le seilbh, mí-úsáid agus gáinneáil aindleathach mionarm agus arm éadrom a chomhrac agus cuirfear feabhas ar an gcobhsaíocht réigiúnach trí oibriú faoi chuimsiú na Comhairle um Chomhar Réigiúnach (CCR) agus i gcomhpháirtíocht le comhpháirtithe agus tionscnaimh idirnáisiúnta ábhartha eile.

Tá dul chun cinn leanúnach déanta in Oirdheisceart agus in Oirthear na hEorpa maidir le seilbh aindleathach, mí-úsáid agus gáinneáil MAAÉ a chomhrac, go príomha mar gheall ar thacaíocht chuimsitheach fhadtéarmach an Aontais Eorpaigh. Mar sin féin, de réir *Mheasúnú 2025 an Aontais Eorpaigh ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí Eagraithe*, leanann na Balcáin Thiar de bheith ina bpríomhfhoinse i gcás na n-arm tine aindleathach a ndéantar gáinneáil orthu isteach san Aontas ([1]). Cé nach bhfuil aon tuarascálacha ann faoi láthair maidir le gáinneáil ar airm thine ón Úcráin, d'fhéadfadh timpeallacht iarchoinbhleachta teacht chun cinn ar an gcaoi chéanna le bheith ina foinse shuntasach amach anseo. Dá bhrí sin, tá sé thar a bheith ábhartha do shlándáil an Aontais agus don tsíocháin agus don tslándáil dhomhanda iarrachtaí rialaithe MAAÉ a neartú a thuilleadh i réigiúin chomharsanachta an Aontais (agus a áirithiú go leanfar den dul chun cinn a rinneadh go dtí seo).

In 2018, ag tógáil ar *Phlean Cur Chun Feidhme Réigiúnach Oirdheisceart na hEorpa maidir le Leathadh agus Tionchar MAAÉ* a chomhrac, threisigh údaráis na mBalcán Thiar a dtiomantas aghaidh a thabhairt ar na dúshláin rialaithe MAAÉ atá fós ann agus aghaidh a thabhairt ar shealbhú, mí-úsáid agus gáinneáil aindleathach MAAÉ tríd an *Roadmap for a sustainable solution to the illegal possession, misuse, and trafficking of small arms and light weapons, their ammunition and explosives in the Western Balkans by 2030* ([2]) [Treochlár maidir le réiteach inbhuanaithe ar sheilbh neamhdhleathach, ar mhí-úsáid agus ar gháinneáil mionarm agus armán éadrom, a n-armlóin agus a bpléascán sna Balcáin Thiar faoi 2030] (an 'Treochlár') a ghlacadh ag an gCruinniú Mullaigh idir an tAontas agus na Balcáin Thiar i Londain. ([3])

Leis an Treochlár, beartaítear gur réigiún níos sábháilte a bheidh sna Balcáin Thiar agus gur onnmhaireoir slándála a bheidh ann, ina mbeidh sásraí maoirseachta agus rialaithe cuimsitheacha agus inbhuanaithe – sásraí a bheidh comhchuibhithe go hiomlán le caighdeáin an Aontais agus le caighdeáin idirnáisiúnta eile – chun seilbh, mí-úsáid agus gáinneáil neamhdhleathach arm tine, armlóin agus pléascán a shainaithint, a chosc, a ionchúiseamh agus a rialú. Thacaigh Teach Imréitigh Oirdheisceart agus Oirthear na hEorpa um Rialú Mionarm agus Arm Éadrom (SEESAC) ([4]), le forbairt an Treochláir agus tá sainordú aige ó na rialtais agus ón Aontas a chur chun feidhme a chomhordú, faireachán a dhéanamh air agus tacú leis.

Ó 2018 i leith, tá dul chun cinn déanta; d'urghabh dlínsí sna Balcáin Thiar os cionn 36 000 arm tine; tugadh suas go deonach os cionn 294 000 arm tine; dlisteanaíodh 4 447 n-arm tine, agus díghníomhachtaíodh 5 064 arm tine. Ina theannta sin, scriosadh os cionn 67 000 MAAÉ. Rannchuidigh an Treochlár freisin le comhchuibhiú na reachtaíochta le *acquis* an Aontais, rud a thacaigh go díreach lena mianta maidir lena lánpháirtiú san Aontas; chuir sin feabhas ar an gcomhar oibríochtúil, ní hamháin sna Balcáin Thiar, ach le príomhardáin agus príomhchomhlachtaí an Aontais freisin mar shampla Frontex, Europol agus EMPACT. Chuidigh an Treochlár freisin leis an tslándáil réigiúnach agus leis an muinín réigiúnach a neartú i dtimpeallacht leochaileach iarchoinbhleachta, ar bunchlocha riachtanacha iad chun an tsíocháin agus an fhorbairt a chothú. Mar sin féin, tá dúshláin fós ann. Le linn na chéad chéime de chur chun feidhme an Treochláir, taifeadadh 17 798 dteagmhas lenar ghabh airm thine sna Balcáin Thiar, maraíodh 794 dhuine, gortaíodh 2 108 nduine, rinneadh bagairt ar 2 650 duine agus taifeadadh féinmharú i gcás 333 dhuine. Ós rud é gur éirigh leo airm a urghabháil i mbeagnach 50 % de na teagmhais uile a taifeadadh, léirítear cur chuige réamhghníomhach na n-institiúidí forfheidhmithe dlí maidir le hairm a bhaint as an gcúrsaíocht.

([1]) De réir SEESAC, ní hamháin gur foinse é an réigiún, ach is críoch idirthurais agus ceann scríbe é freisin le haghaidh gáinneáil ar airm thine.

([2]) Féach: https://www.seesac.org/SALW-Control-Roadmap/

([3]) Cuireadh síneadh leis an Treochlár go dáta tar éis 2024 ag Cruinniú Aireachta an Aontais Eorpaigh sna Balcáin Thiar maidir le Ceartas agus Gnóthaí Baile i mí Dheireadh Fómhair 2024.

([4]) Mar bhrainse feidhmiúcháin de *Phlean Cur Chun Feidhme réigiúnach Oirdheisceart agus Oirthear na hEorpa maidir le leathadh agus tionchar MAAÉ a chomhrac.*

Tá tionchar ag na dea-chleachtais a cuireadh chun feidhme sna Balcáin Thiar ar an réigiún i gcoitinne freisin. Le cistiú agus tacaíocht ón Aontas do SEESAC, tá dul chun cinn déanta ag Poblacht na Moldóive maidir lena hiarrachtaí a neartú i leith slándáil fhisiciúil agus stoc-charn trí uasghráduithe slándála a dhéanamh ar 2 stóras MAAÉ agus ar 4 sheomra fianaise; os cionn 13 000 MAAÉ ó 2005 i leith a scriosadh, agus tríd an gcóras leictreonach clárlainne arm a bhunú. Rinneadh iarrachtaí freisin na hacmhainneachtaí anailíseacha le haghaidh imscrúduithe a bhaineann le hairm thine a neartú tríd an bPointe Fócasach Arm Tine a bhunú. Ar an taobh eile, tá dul chun cinn déanta ag an Úcráin trí iarrachtaí comhordúcháin a neartú ar an leibhéal náisiúnta tríd *an Lárionad Comhordúcháin chun Gáinneáil Aindleathach ar Airm Thine a Chomhrac* ([5]) a bhunú, trí fhorbairt straitéis MAAÉ a thionscnamh, trí iarrachtaí chun a gcreat dlíthiúil a chomhchuibhiú le *acquis* an Aontais agus trína n-acmhainneachtaí a neartú trí oiliúint éagsúil. Tá ionadaithe ó Phoblacht na Moldóive agus ón Úcráin araon ag glacadh páirt go rialta i bpróisis chomhair réigiúnacha arna n-éascú ag SEESAC maidir le rialú MAAÉ in Oirdheisceart agus in Oirthear na hEorpa.

Thairis sin, leis an gcreat soiléir faireacháin agus an sásra comhordúcháin atá aige, bhí Treochlár na mBalcán Thiar ina spreagadh do ghníomhaíocht ar fud an domhain; rud as ar tháinig Treochlár Arm Tine Mhuir Chairib agus Treochlár Mheiriceá Láir agus na Poblachta Doiminicí.

Aithníodh tionchar Threochlár Rialaithe MAAÉ na mBalcán Thiar agus a ábharthacht don chomhar réigiúnach agus do shlándáil an Aontais ag roinnt cruinnithe ardleibhéil, agus tá tiomantas soiléir ag an Aontas leanúint de thacaíocht a thabhairt dá chur chun feidhme.' ([6])

Cuirfidh an chéim nua de thionscadal SEESAC leis an méid a baineadh amach faoi Chinntí (CBES) 2018/1788 agus 2022/2321 ón gComhairle agus faoi Thacaíocht IPA/2021/425-067 chun feabhas a chur ar an troid i gcoinne seilbh neamhdhleathach, mí-úsáid agus gáinneáil mionarm agus arm éadrom i dtionscadal na mBalcán Thiar, ar tionscadail iad uile sin atá á gcur chun feidhme ag SEESAC (rachaidh an dá cheann dheireanacha in éag ag deireadh mhí na Nollag 2025). Cuirfear chun feidhme é i gcomhlántacht le Cinneadh (CBES) 2024/3006 ón gComhairle.

Rannchuideoidh an ghníomhaíocht go díreach le cur chun feidhme Straitéis Slándála an Aontais, Straitéis MAAÉ AE, phlean gníomhaíochta an Aontais in aghaidh gáinneáil ar airm thine, Thimthriall Beartais an Aontais maidir le coireacht eagraithe agus thromchúiseach idirnáisiúnta (Airm Thine EMPACT), an Chonartha Trádála Arm, Chlár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe chun gach gné den trádáil aindleathach mionarm agus armán éadrom a chosc, a chomhrac agus a dhíothú, Ionstraim idirnáisiúnta Rianaithe, Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe agus Rún 1325 (2000) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná agus an tSíocháin agus an tSlándáil, agus Clár Oibre na Náisiún Aontaithe um Dhí-armáil a neartaíodh tríd an gComhshocrú don Todhchaí, lena dtugtar móiminteam polaitiúil nua agus tacaíocht institiúideach do go leor de na gealltanais dí-armála sa Chlár Oibre. Leis an ngníomhaíocht, feabhsóidh sé go sonrach an comhar réigiúnach chun an bhagairt a bhaineann le leathadh MAAÉ agus a n-armlón a chomhrac. Rannchuideoidh torthaí an tionscadail go díreach freisin le sprioc forbartha inbhuanaithe 16 de Chlár Oibre 2030 maidir le sochaithe síochánta agus córa a chur chun feidhme, go háirithe sprioc 16.1 (laghdú suntasach a dhéanamh i ngach áit ar gach cineál foréigin agus ar rátaí báis) agus sprioc 16.4 (laghdú suntasach a dhéanamh ar shreabha arm aindleathach) agus Sprioc 5 maidir le comhionannas inscne. Cuirfidh sé freisin le cur chun feidhme Phlean Cur Chun Feidhme réigiúnach Oirdheisceart agus Oirthear na hEorpa maidir le leathadh agus tionchar MAAÉ a chomhrac. Cuirfear an ghníomhaíocht chun feidhme mar chuid de Dhoiciméad Chlár Réigiúnach UNDP don Eoraip agus do Chomhlathas na Stát Neamhspleách (2026-2029).

2. **Roghnú na gníomhaireachta cur chun feidhme agus comhordú le tionscnaimh chistiúcháin ábhartha eile**

Is tionscnamh comhpháirteach de chuid Chlár Forbartha na Náisiún Aontaithe (UNDP) agus na Comhairle um Chomhar Réigiúnach é SEESAC a bhfuil príomhchistiú aige ón Aontas Eorpach agus is é an pointe fócasach é do ghníomhaíochtaí a bhaineann le MAAÉ in Oirdheisceart na hEorpa. Mar bhrainse feidhmiúcháin de Phlean Cur Chun Feidhme Réigiúnach Oirdheisceart na hEorpa maidir le leathadh MAAÉ a chomhrac, tá sainordú tábhachtach ag SEESAC cur chun feidhme iarrachtaí rialaithe MAAÉ a chomhordú, faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn agus tacaíocht, idir theicniúil, chomhairleach agus chur chun feidhme, a chur ar fáil do na Rialtais sa réigiún chun seilbh aindleathach, mí-úsáid agus gáinneáil MAAÉ a chomhrac. Áirithítear úinéireacht réigiúnach tríd an gComhairle um Chomhar Réigiúnach agus tríd an nGrúpa Stiúrtha Réigiúnaigh, áit a gcuireann ionadaithe na gcomhpháirtithe uile in Oirdheisceart na hEorpa treoir straitéiseach do ghníomhaíochtaí SEESAC ar fáil.

([5]) Ainm iomlán: Lárionad Comhordúcháin chun Gáinneáil Aindleathach ar Airm Thine, a bPáirteanna agus a gComhpháirteanna agus a nArmlón a Chomhrac.

([6]) Mar shampla: an Cruinniú Mullaigh idir an tAontas agus na Balcáin Thiar an 13 Nollaig 2023, an Cruinniú Mullaigh idir an tAontas agus na Balcáin Thiar an 18 Nollaig 2024, Cruinniú Mullaigh Phróiseas Bheirlín an 14 Deireadh Fómhair 2024.

Tá SEESAC ag obair ó 2002 le páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta in Oirdheisceart agus in Oirthear na hEorpa chun cur chuige iomlánaíoch a chur chun feidhme maidir le rialú MAAÉ trí réimse leathan gníomhaíochtaí a chur i gcrích lena n-áirítear: comhar réigiúnach straitéiseach agus oibríochtúil a éascú, tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt beartais agus feabhsú acmhainneachta d'institiúidí, feachtais ardaithe feasachta agus feachtais bailithe MAAÉ, bainistiú stoc-charn, laghdú ar bharrachas, agus feabhas a chur ar na cumais mharcála agus rianaithe, ar na hacmhainneachtaí braite agus imscrúdaithe, agus ar rialú an onnmhairithe arm. Ar an gcaoi sin, tá acmhainneacht agus taithí uathúil faighte ag SEESAC maidir le hidirghabhálacha réigiúnacha ilpháirtithe leasmhara a chur chun feidhme i gcomhthéacs chúlra polaitiúil agus eacnamaíoch comhroinnte na gcomhpháirtithe sa réigiún, lena n-áirithítear úinéireacht náisiúnta agus réigiúnach agus cumas inbhuanaithe fadtéarmach a chuid gníomhaíochtaí agus cáil a ghnóthú dó féin mar phríomhúdarás réigiúnach i réimse rialaithe MAAÉ.

Leanann SEESAC de bhealaí cumarsáide déthaobhacha agus iltaobhacha a choinneáil oscailte leis na gníomhaithe agus na heagraíochtaí ábhartha uile. I ndáil leis sin, leanann SEESAC de bheith ina Rúnaíocht don Ghrúpa Stiúrtha Réigiúnaigh le haghaidh MAAÉ agus déanann sé comhordú agus faireachán ar chur chun feidhme Threochlár na mBalcán Thiar i ndlúthchomhar leis an Aontas, leis an nGearmáin agus leis an bhFrainc. Sa chomhthéacs sin, déanann SEESAC feidhmeanna Rúnaíochta do Chiste Iontaobhais Ilpháirtithe a bhaineann leis an Treochlár chun MAAÉ a rialú sna Balcáin Thiar.

Rannchuidíonn SEESAC go rialta le fóraim réigiúnacha ábhartha. Rannchuidíonn SEESAC go rialta le Cruinnithe Aireachta um Cheartas agus Gnóthaí Baile idir an tAontas agus na Balcáin Thiar, le cruinnithe a eagraítear faoi Phróiseas Bheirlín, le próiseas aireachta cosanta Oirdheisceart na hEorpa. Leanann SEESAC de líonra leathan comhpháirtíochtaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla a choinneáil ar bun le heagraíochtaí agus le tionscnaimh, mar atá an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar (ESCE), Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT), agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid na Náisiún Aontaithe, go háirithe UNODA, UNODC, UNIDIR agus Eintiteas na Náisiún Aontaithe um Chomhionannas Inscne agus um Chumhachtú na mBan (UNWOMEN) agus eagraíochtaí réigiúnacha mar shampla an Lárionad Réigiúnach um Fhíorú agus Cur Chun Feidhme Rialaithe Arm (RACVIAC). Rannchuidíonn SEESAC go rialta le Sásra Comhordaithe Gnímh na Náisiún Aontaithe um Mionairm (CASA) lena dtugtar le chéile gníomhaireachtaí uile na Náisiún Aontaithe atá ag obair ar dhí-armáil agus ar rialú arm; cruinnithe comhordúcháin maidir le MAAÉ agus gníomhaíochtaí mianach, sásra comhordúcháin neamhfhoirmiúil maidir le gníomhaíochtaí rialaithe MAAÉ lena mbaineann ECAT, an tAontas agus an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip agus SEESAC. Ina theannta sin, tá SEESAC rannpháirteach go rialta i gcruinnithe comhordúcháin maidir leis an Úcráin, i gCruinniú Comhordúcháin na gComhpháirtithe Idirnáisiúnta maidir le hIarrachtaí Rialaithe MAAÉ san Úcráin arna éascú ag ESCE agus ag Foghrúpa na Meithle Earnála um Fhorfheidhmiú an Dlí maidir leis an gCoireacht a Chomhrac agus Slándáil an Chomhphobail a Áirithiú san Úcráin, arna éascú ag EUAM.

Bíonn SEESAC i ndlúth-theagmháil le hinstitiúidí ábhartha an Aontais agus tugann sé tacaíocht dóibh le haghaidh for-rochtain níos éifeachtaí ar chontrapháirtithe Oirdheisceart na hEorpa, go príomha le hArd-Stiúrthóireacht HOME an Choimisiúin, agus le Europol, chomh maith le tionscnaimh atá faoi stiúir an Aontais mar shampla Airm Thine EMPACT agus Grúpa Saineolaithe Arm Tine na hEorpa.

Tá SEESAC ar thús cadhnaíochta maidir le cur chuige atá bunaithe ar dhul i ngleic le fadhbanna comhroinnte trí thionscnaimh réigiúnacha, as a d'eascair torthaí suntasacha in Oirdheisceart agus in Oirthear na hEorpa, ní hamháin mar gheall ar an gcomhroinnt faisnéise ríthábhachtach a spreagann sé mar aon le cur chun cinn na hiomaíochta réigiúnaí sláintiúla, ach freisin toisc go gcuidíonn sé le torthaí comhsheasmhacha intomhaiste a bhaint amach ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach trí mhódúlacht iomlánaíoch a chur chun feidhme. Trí chruinnithe bliantúla den Ghrúpa Stiúrtha Réigiúnach a eagrú agus trí rannpháirtíocht SEESAC i ngach próiseas agus tionscnamh ábhartha, soláthraítear cómhalartú faisnéise atá tráthúil agus macánta, feasacht staide láidir agus an fhadbhreathnaitheacht is gá chun a áirithiú nach mbeidh an cur chun feidhme i mbaol forluí agus go bhfuil sé i gcomhréir le riachtanais reatha na rialtas agus na réigiún chomh maith leis na treochtaí atá ag teacht chun cinn.

Déanann SEESAC a ghníomhaíochtaí uile ar bhonn riachtanas léirithe na gcontrapháirtithe agus na sonraí bonnlíne agus na measúnuithe ar riachtanais a bailíodh, agus faigheann sé formhuiniú agus tacaíocht pholaitiúil ó pháirtithe leasmhara náisiúnta mar réamhchoinníoll le haghaidh gníomhaíochta. Ina theannta sin, tá na hiarrachtaí uile leagtha amach chun tacú le próisis atá faoi stiúir an Aontais agus chun caighdeáin agus critéir an Aontais a bhaint amach. Chuir SEESAC na tionscadail a fuair maoiniú ón Aontas roimhe seo chun feidhme le ráta an-ard seachadta de na gníomhaíochtaí a bhí beartaithe, a raibh torthaí inbhuanaithe tionscadail mar thoradh orthu trí úinéireacht na gcomhpháirtithe ar a dtionscadail agus ar a ngníomhaíochtaí a fhorbairt agus a chothú, agus trí chomhordú réigiúnach, taithí réigiúnach agus comhroinnt dea-chleachtas, chomh maith le taighde réigiúnach, a chur chun cinn. Mar gheall ar an saineolas MAAÉ agus ar an bhfaisnéis dhomhain ar ghnóthaí réigiúnacha agus ar pháirtithe leasmhara ábhartha atá aige, is é SEESAC an comhpháirtí cur chun feidhme is oiriúnaí don ghníomhaíocht áirithe seo.

Leanfaidh SEESAC de bheith ag obair i gcomhar leis na hiarrachtaí leanúnacha cúnaimh idirnáisiúnta a chuirtear chun feidhme faoi chreat na Náisiún Aontaithe, go háirithe Ciste Iontaobhais Ilpháirtithe Threochlár Rialaithe MAAÉ na mBalcán Thiar (MPTF). Is príomhshásra cistiúcháin é Ciste Iontaobhais an Treochláir lena dtacaítear le cur chun feidhme an Treochláir. Bhunaigh UNDP agus UNODC an Ciste Iontaobhais i mí an Mhárta 2019 mar Eagraíochtaí Rannpháirteacha na Náisiún Aontaithe, chun cur chuige cistiúcháin arna chomhordú ag deontóirí agus ag dlínsí a áirithiú i gcur chun feidhme an Treochláir. Neartaíonn sé comhordú, pleanáil agus cumarsáid i measc na gcomhpháirtithe uile, cothaíonn sé comhar, agus laghdaíonn sé rioscaí do rialtais agus do ranníocóirí airgeadais trí chóras cuimsitheach bainistíochta atá bunaithe ar riosca agus ar thorthaí. Bhain an Ciste Iontaobhais tairbhe as comhar láidir leis an nGearmáin agus leis an bhFrainc, mar thionscnóirí an Treochláir, a raibh an Ríocht Aontaithe, an tSualainn, an Iorua agus an Ísiltír páirteach ann. Shlóg an Ciste Iontaobhais thart ar USD 30 milliún i ranníocaíochtaí. Feidhmíonn UNDP SEESAC mar Rúnaíocht an Chiste Iontaobhais agus tá sé freagrach as comhordú agus faireachán foriomlán an Chiste Iontaobhais, agus tacaíocht theicniúil, bainistíochta, pleanála agus clársceidealaithe á cur ar fáil aige dó. Faoi mhí Mheán Fómhair 2025, bhí tacaíocht faighte ag 25 thionscadal ón gCiste Iontaobhais arna gcur chun feidhme ag Eagraíochtaí Rannpháirteacha na Náisiún Aontaithe; chuir 16 thionscadal díobh a n-oibríochtaí i gcrích agus tá naoi gcinn díobh ar siúl faoi láthair.

Comhlánaítear obair SEESAC freisin le ESCE a bhfuil CINNEADH (CBES) 2024/3097 ÓN gCOMHAIRLE á chur chun feidhme aige, Cinneadh atá mar thaca leis an gclár cuimsitheach chun tacú le hiarrachtaí gáinneáil aindleathach Mionarm agus Armán éadrom agus Gnáth-Armlóin a chosc agus a chomhrac in Oirdheisceart na hEorpa; agus an cur chun feidhme atá á dhéanamh ag ESCE ar CHINNEADH (CBES) 2024/3003 ón gComhairle chun tacú le hacmhainneachtaí údaráis na hÚcráine a neartú chun an gháinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chosc agus a chomhrac.

Na gníomhaíochtaí eile a fhaigheann tacaíocht ón Aontas in Oirdheisceart agus in Oirthear na hEorpa, go príomha gníomhaíochtaí de chuid Europol, Frontex agus Interpol, agus pleananna gníomhaíochta oibríochtúla Airm Thine EMPACT, téann siad i gcomhairle go rialta le SEESAC chun comhlántachtaí gníomhaíochta, ábharthacht agus tráthúlacht na hidirghabhála a áirithiú.

### 3. **Cur síos ar an tionscadal**

Leis an gcéim nua de thionscadal SEESAC, cuirfear leis an méid a baineadh amach faoi na tionscadail a cuireadh chun feidhme trí Chinntí (CBES) 2018/1788 agus 2022/2321 ón gComhairle, chomh maith leis an tionscadal arna chistiú ag an gCoimisiún a cuireadh chun feidhme trí IPA/2021/425-067, 'Tacaíocht chun feabhas a chur ar an gcomhrac i gcoinne seilbh neamhdhleathach, mí-úsáid agus gáinneáil mionarm agus arm éadrom i dtionscadal na mBalcán Thiar'. Chuir SEESAC na trí thionscadal sin go léir chun feidhme. Rachaidh an dá thionscadal dheireanacha sin in éag faoi dheireadh mhí na Nollag 2025. Ina theannta sin, cuirfear céim nua thionscadal SEESAC chun feidhme i gcomhlántacht leis an tionscadal atá ar bun faoi láthair faoi Chinneadh (CBES) 2024/3006 ón gComhairle.

Díreoidh sé ar cheithre phríomhréimse, lena gcoinneofar an cur chuige iomlánaíoch chun dul i ngleic leis an mbagairt ó MAAÉ sa réigiún. Sna réimse sin, tugtar aghaidh ar an leibhéal straitéiseach/beartais chomh maith leis na gnéithe oibríochtúla, agus ar an gcaoi sin cabhraítear go díreach ar gach leibhéal de rialú MAAÉ, ag díriú ar an méid seo a leanas: comhordú a dhéanamh ar an gcur chuige réigiúnach agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Treochláir; an cómhalartú eolais agus an comhar idir-réigiúnach maidir le rialú MAAÉ a neartú; agus acmhainneachtaí seirbhísí forfheidhmithe dlí sa Mholdóiv agus san Úcráin a neartú chun seilbh neamhdhleathach, mí-úsáid agus gáinneáil a chomhrac; chomh maith leo siúd sna Balcáin Thiar, go príomha seirbhísí forfheidhmithe dlí agus custaim na mBalcán Thiar chun gáinneáil aindleathach a chomhrac.

Go háirithe, beidh an méid seo a leanas mar thoradh ar an tionscadal:

— cur chun feidhme comhordaithe agus faireachán ar chur chun feidhme an Treochláir maidir le réiteach inbhuanaithe ar sheilbh neamhdhleathach, ar mhí-úsáid agus ar gháinneáil mionarm agus armán éadrom, a n-armlóin agus a bpléascán sna Balcáin Thiar faoi 2030;

— comhar idir-réigiúnach, bainistiú eolais agus comhroinnt eolais níos fearr maidir le rialú arm;

— acmhainneachtaí níos láidre ag seirbhísí forfheidhmithe dlí na Moldóive agus na hÚcráine chun gáinneáil aindleathach, mí-úsáid agus seilbh arm tine, armlóin agus pléascán a chomhrac;

— acmhainneachtaí níos láidre ag seirbhísí forfheidhmithe dlí agus custaim na mBalcán Thiar chun gáinneáil aindleathach a chomhrac.

Tá straitéis an tionscadail bunaithe ar chur chuige uathúil SEESAC maidir le muinín agus comhar a chothú sa réigiún mar réamhriachtanas chun athrú claochlaitheach nithiúil intomhaiste a bhaint amach. Go háirithe, ar an leibhéal réigiúnach, ba iad próisis chomhair éagsúla arna n-éascú ag SEESAC, a raibh lucht ceaptha beartas agus cleachtóirí ar an leibhéal oibríochtúil rannpháirteach iontu, cnámh droma an chur chuige, rud a d'áirithigh timpeallacht chumasúcháin agus iomaíoch le haghaidh aistriú eolais, cómhalartú saineolais agus comhroinnt faisnéise. Mar thoradh air sin, ní hamháin gur cuireadh leis na hacmhainneachtaí sa réigiún, ach rud ba thábhachtaí fós, cothaíodh níos mó muiníne agus cothaíodh comhar díreach i measc institiúidí agus saineolaithe aonair, rud a d'fhág, i measc nithe eile, gurbh féidir an Treochlár a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Leanfaidh an tionscadal de chomhar réigiúnach agus úinéireacht áitiúil a chothú mar na gnéithe riachtanacha cumasúcháin le haghaidh torthaí intomhaiste.

### 3.1. Comhordú chur chun feidhme an Treochláir maidir le réiteach inbhuanaithe ar sheilbh neamhdhleathach, ar mhí-úsáid agus ar gháinneáil mionarm agus armán éadrom, a n-armlóin agus a bpléascán sna Balcáin Thiar faoi 2030

*Cuspóir*

Comhordú agus faireachán éifeachtach ar chur chun feidhme an Treochláir a áirithiú.

*Tuairisc*

Ag tógáil ar Chinntí CBES/2018/1788 agus CBES/2022/2321, áiritheofar leis an gcomhpháirt sin comhordú agus faireachán ar chur chun feidhme an dara céim den Treochlár (2025-2030). Rinneadh athbhreithniú ar an Treochlár don dara céim den chur chun feidhme trí cruinnithe comhairleacha arna reáchtáil ag na Coimisiúin um Mionairm agus Armáin Éadroma sa réigiún le linn 2023 agus 2024, lena n-áirithítear úinéireacht réigiúnach agus inbhuanaitheacht na dtorthaí. Chuathas i gcomhairle le deontóirí, le comhpháirtithe réigiúnacha agus idirnáisiúnta, chomh maith le hionadaithe na sochaí sibhialta. D'fhormhuinigh Airí Gnóthaí Baile na mBalcán Thiar téacs athbhreithnithe an Treochláir le linn an Fhóraim Aireachta um Cheartas agus Gnóthaí Baile idir an tAontas agus na Balcáin Thiar a tionóladh i mí Dheireadh Fómhair 2024.

Leanann an Treochlár de bheith ag rannchuidiú le gníomhaíochtaí an Aontais atá ann cheana chun seilbh aindleathach, mí-úsáid agus gáinneáil MAAÉ a chomhrac, go háirithe le straitéis MAAÉ an Aontais, plean gníomhaíochta an Aontais in aghaidh gáinneáil ar airm thine lena ndearnadh Treochlár na mBalcán Thiar a chomhtháthú; agus obair EMPACT sa réigiún. Is léiriú é an Treochlár ar an gcomhdhearcadh ar thángthas air i measc na bpáirtithe leasmhara uile sa réigiún maidir leis na dúshláin atá ann faoi láthair, na spriocanna foriomlána atá le baint amach agus amlíne na ngníomhaíochtaí atá le déanamh. Cuirtear ardán foriomlán ar fáil leis chun eochairtháscairí feidhmíochta arna gcomhaontú go comhchoiteann a bhaint amach ar an leibhéal straitéiseach, ar an leibhéal beartais agus ar an leibhéal oibríochtúil.

Foilsíodh trí thuarascáil déag ar dhul chun cinn, lena gcumhdaítear an chéad chéim de chur chun feidhme an Treochláir ina dtugtar cuntas intomhaiste agus cothrom le dáta ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an Treochláir. Ina theannta sin, áirithíodh le cruinnithe débhliantúla áitiúla agus réigiúnacha comhordaithe cur chuige eiseamláireach maidir le cur chun feidhme na n-iarrachtaí agus na n-acmhainní i measc údarás, deontóirí agus comhpháirtithe cur chun feidhme.

Go sonrach, leis an obair faoin gcomhpháirt sin, leanfar de chomhordú agus faireachán ar chur chun feidhme an Treochláir a áirithiú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

— tacaíocht shaineolach agus theicniúil a chur ar fáil do chomhordú an Treochláir lena n-áirítear cruinnithe réigiúnacha chun an Treochlár a chomhordú, lena ndírítear ar an dul chun cinn agus ar an gcómhalartú faisnéise a mheas;

— tacaíocht shaineolach agus theicniúil a chur ar fáil do chruinnithe áitiúla chun an Treochlár a chomhordú lena ndéantar faireachán ar chur chun feidhme phleananna gníomhaíochta na gcomhpháirtithe;

— tuarascálacha faireacháin agus meastóireachta débhliantúla a fhorbairt ina ndéantar cur síos ar an dul chun cinn, na dúshláin agus na riachtanais maidir le cur chun feidhme an Treochláir bunaithe ar na heochairtháscairí feidhmíochta arna gcomhaontú go comhchoiteann;

— an t-athbhreithniú meántéarma ar chur chun feidhme an Treochláir;

— Gníomhaíochtaí for-rochtana agus infheictheachta treochláir (lena n-áirítear ardán ar líne a chothabháil, rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus múscailt feasachta).

Torthaí tionscadal/táscairí cur chun feidhme:

— Suas le trí cinn de chruinnithe réigiúnacha a eagrú chun an Treochlár a chomhordú;

— An breithniú ar dhul chun cinn, agus an cómhalartú faisnéise, an t-aistriú eolais agus an caighdeánú a éascú;

— Cruinnithe comhordúcháin áitiúla a eagrú (suas le 36 san iomlán);

— Tuarascálacha faireacháin réigiúnacha leathbhliantúla (suas le sé cinn) a fhorbairt;

— Athbhreithniú meántéarma ar an Treochlár;

— Ardán ar líne a chothabháil chun for-rochtain cheart agus infheictheacht cheart an Treochláir a áirithiú.

### 3.2. Rannchuidiú le comhar idir-réigiúnach neartaithe, cómhalartú eolais agus comhroinnt faisnéise maidir le rialú arm

*Cuspóir*

Leis an gcuid sin, éascófar an comhroinnt idir-réigiúnach faisnéise, cómhalartú eolais, macasamhlú dea-chleachtas agus ceachtanna a foghlaimíodh trí chomhairle theicniúil, cruinnithe, ceardlanna agus cuairteanna staidéir a sholáthar.

*Tuairisc*

Tá cur chuige cuimsitheach réigiúnach maidir le rialú MAAÉ á chur chun feidhme in Oirdheisceart na hEorpa le breis agus fiche bliain anuas, lena gcumhdaítear réimsí feidhme uile rialú MAAÉ. Dá réir sin, bhí an réigiún ar thús cadhnaíochta i réitigh nuálacha maidir le rialú MAAÉ a spreag gníomhaíocht agus a macasamhlaíodh in áiteanna eile ar fud an domhain. Bhí tionchar ag Caighdeáin agus Treoirlínte Réigiúnacha Micri-Dí-armála SEESAC, a forbraíodh in 2006 chun nósanna imeachta, cleachtais agus noirm rialaithe MAAÉ a chaighdeánú ar an leibhéal oibríochtúil, ar fhorbairt na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Rialú Mionarm a aistríodh ina dhiaidh sin isteach sa Choimre ar na Módúil maidir le Rialú Mionarm (MOSAIC). Ina theannta sin, leag go leor páirtithe leasmhara béim ar Threochlár na mBalcán Thiar mar cheann de na hiarrachtaí réigiúnacha is rathúla ó thaobh MAAÉ a rialú ar domhan. Rinne Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe cur síos air mar eiseamláir dhearfach sna Tuarascálacha uaidh chuig an gComhairle Slándála maidir le MAAÉ a Rialú, agus tá iarrtha aige chomh maith go ndéanfaí mionsaothrú agus forbairt bhreise ar na Treochláir ina Chlár Oibre Síochána.

Rinneadh an Treochlár a mhacasamhlú i Muir Chairib, agus i Meiriceá Láir agus sa Phoblacht Dhoiminiceach, mar aon lena shásra comhordúcháin agus faireacháin, agus rinneadh é a chomhtháthú freisin i bplean gníomhaíochta an Aontais maidir le gáinneáil ar airm thine. Thacaigh SEESAC le forbairt na chéad Straitéise Rialaithe MAAÉ i bPoblacht na Cirgise agus d'éascaigh sé cómhalartú eolais idir-réigiúnach trí chuairteanna staidéir ó Phoblacht na Cirgise, ón gCambóid agus ó Hondúras ar na Balcáin Thiar agus é mar aidhm aige go bhfoghlaimeoidh na toscaireachtaí ó dhea-chleachtais a forbraíodh sna Balcáin Thiar agus go roinnfidh siad a dtaithí maidir le rialú MAAÉ.

Ina theannta sin, tá macasamhail á dhéanamh ag an tAontas Eorpach freisin ar Ardán SEESAC um Fhaireachán ar Fhoréigean Armtha, ardán nuálach sonraí ar líne lena gcuirtear faisnéis chuimsitheach ar fáil chomh maith le léirshamhlú sonraí maidir le teagmhais a bhaineann le hairm thine ar fud Oirdheisceart na hEorpa. Chomh maith leis sin, tá Oirdheisceart na hEorpa i mbun an bealach a réiteach chun inscne a chomhtháthú go praiticiúil i rialú MAAÉ. Roinntear go rialta le pointí fócasacha arm tine ó gach cearn de Bhallstáit an Aontais ag cruinnithe comhpháirteacha an dul chun cinn atáthar a dhéanamh in Oirdheisceart na hEorpa maidir le pointí fócasacha arm tine a oibríochtú.

Forbraíodh agus cuireadh i bhfeidhm an chuid is mó de na cleachtais sin mar chuid de chur chun feidhme Cinntí ón gComhairle mar thaca leis na hiarrachtaí dí-armála agus rialaithe arm a rinne SEESAC in Oirdheisceart na hEorpa le fiche bliain anuas.

Leis an ngné seo, éascófar tuilleadh an chomhroinnt faisnéise, an cómhalartú eolais, an macasamhlú dea-chleachtas agus na gceachtanna a foghlaimíodh ar fud na réigiún.

Déanfar sin tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

— Tacaíocht theicniúil agus chomhairleach a sholáthar

— Cruinnithe, ceardlanna, cuairteanna staidéir a eagrú

Torthaí tionscadal/táscairí cur chun feidhme:

— Tacaíocht theicniúil agus chomhairleach a sholáthar

— Cruinnithe, ceardlanna nó cuairteanna staidéir a eagrú

### 3.3. Fothú acmhainneachta sheirbhísí forfheidhmithe dlí Phoblacht na Moldóive agus na hÚcráine chun gáinneáil aindleathach, mí-úsáid agus seilbh arm tine, armlóin agus pléascán a chomhrac

*Cuspóir*

Bagairt gháinneáil aindleathach arm tine a laghdú trí acmhainneachtaí na n-institiúidí forfheidhmithe dlí a fheabhsú, lena n-áirítear i gcás póilíní teorann trí thacaíocht chomhairleach agus cúnamh teicniúil bunaithe ar riachtanais shainaitheanta.

*Tuairisc*

Cuireann an chomhpháirt sin leis an tacaíocht a thug SEESAC roimhe seo do Phoblacht na Moldóive agus don Úcráin. Bhí ionadaithe ón dá thír rannpháirteach agus ag rannchuidiú leis na próisis um chomhar réigiúnach atá á n-éascú ag SEESAC ar an leibhéal straitéiseach agus ar an leibhéal oibríochtúil. Tá tábhacht ar leith ag baint le haistriú an eolais agus na taithí a fuarthas, agus na ndea-chleachtas a forbraíodh sna Balcáin Thiar ó 2001 i leith, i gcomhthéacs an chogaidh leanúnaigh san Úcráin.

Bhí ionadaithe ó institiúidí na Moldóive agus na hÚcráine rannpháirteach go rialta i gcruinnithe de choimisiúin um MAAÉ agus d'institiúidí ábhartha in Oirdheisceart na hEorpa agus in Oirthear na hEorpa; bhain cruinnithe Líonra Saineolaithe Arm Tine Oirdheisceart na hEorpa tairbhe as comhroinnt faisnéise agus as cómhalartú eolais réigiúnach ar an leibhéal straitéiseach agus oibríochtúil. Bhain siad tairbhe freisin as gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta réigiúnaí, mar shampla, gníomhaíochtaí maidir le reachtaíocht a chomhchuibhiú le *acquis* an Aontais, imscrúduithe ar líne agus comhrac na gáinneála ar airm ar an idirlíon dorcha.

Tá tacaíocht á tabhairt ag SEESAC freisin do bhearta rialaithe spriocdhírithe MAAÉ ar an leibhéal náisiúnta. Cuireadh tacaíocht chomhairleach ar fáil don Úcráin maidir le bunú an Lárionaid Comhordúcháin chun Gáinneáil Aindleathach Arm a Chomhrac faoin Aireacht Gnóthaí Baile, maidir le forbairt an chreata dhlíthiúil náisiúnta i ndáil le rialú MAAÉ, agus maidir le forbairt na straitéise náisiúnta chun MAAÉ aindleathach a chosc agus a chomhrac. Cuireadh oiliúint shaincheaptha ar fáil chun feabhas a chur ar acmhainneachtaí imscrúdúcháin na n-institiúidí forfheidhmithe dlí.

Tá tacaíocht á tabhairt ag SEESAC freisin do bhearta rialaithe spriocdhírithe MAAÉ i bPoblacht na Moldóive. Le scór bliain anuas, áiríodh orthu sin bearta maidir le slándáil fhisiciúil agus bainistiú stoc-charn, lenar áiríodh MAAÉ a scriosadh agus uasghráduithe slándála ar stórais arm agus armlóin, agus ar sheomraí fianaise. Cuireadh tacaíocht ar fáil freisin do mharcáil, clárú agus rianú; fuarthas meaisín marcála agus eagraíodh oiliúint lena úsáid, agus cuireadh tacaíocht ar fáil chun córas clárlann arm a bhunú. Chuir SEESAC an tacaíocht theicniúil agus chomhairleach tosaigh ar fáil freisin chun an Pointe Fócasach Arm Tine a bhunú. Ina theannta sin, tacaíodh le gníomhaíochtaí múscailte feasachta ar na contúirtí a bhaineann le mí-úsáid agus seilbh aindleathach arm tine. Cuireadh tacaíocht ar fáil freisin chun an coimisiún náisiúnta um MAAÉ a bhunú; tacaíodh le bailiú sonraí chun feabhas a chur ar an tuiscint ar bhearnaí i rialú MAAÉ, as ar eascair an suirbhé ar MAAÉ a foilsíodh i dtaca le Poblacht na Moldóive, agus tugtar léargas cothrom le dáta ar theagmhais arm tine tríd an Ardán Faireacháin ar Fhoréigean Armtha. Thug SEESAC tacaíocht freisin d'fhorbairt an Chláir Náisiúnta MAAÉ maidir le Rialú MAAÉ le haghaidh 2026–2030. Tar éis measúnú mionsonraithe a dhéanamh ar riachtanais na bPóilíní Coiriúla, cuireadh tacaíocht ar fáil chun Nósanna Imeachta Oibríochta Caighdeánacha, oiliúint agus trealamh a fhorbairt chun acmhainneachtaí imscrúdúcháin a fheabhsú.

Leis an gcomhpháirt sin, neartófar a thuilleadh acmhainneachtaí na n-institiúidí i bPoblacht na Moldóive agus san Úcráin seilbh neamhdhleathach, mí-úsáid agus gáinneáil arm tine, armlóin agus pléascán a chomhrac, bunaithe ar mheasúnuithe ar riachtanais agus i gcomhréir leis na dea-chleachtais idirnáisiúnta.

Déanfar sin tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

— Tacaíocht chomhairleach, cúnamh teicniúil, oiliúint agus trealamh a sholáthar do sheirbhísí forfheidhmithe dlí chun gáinneáil aindleathach ar airm a chomhrac i bPoblacht na Moldóive agus san Úcráin

— Tacaíocht do rannpháirtíocht in ardáin réigiúnacha speisialaithe maidir le rialú MAAÉ

Torthaí tionscadal/táscairí cur chun feidhme

— Tacaíocht chomhairleach agus theicniúil a sholáthar

— Trealamh a sholáthar chun gáinneáil ar airm a chosc

— Gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta a chur chun feidhme

— Uasghrádú slándála ar stóras amháin MAAÉ i bPoblacht na Moldóive a phleanáil agus a chur i gcrích

### 3.4. **Fothú acmhainneachtaí breise do sheirbhísí custaim na mBalcán Thiar chun gáinneáil aindleathach a chomhrac**

*Cuspóir*

Bagairt na gáinneála aindleathaí ar airm thine a laghdú trí fheabhas a chur ar acmhainneachtaí sheirbhísí custaim na mBalcán Thiar gáinneáil aindleathach a chomhrac.

*Tuairisc*

In 2024, chríochnaigh SEESAC an chéad Mheasúnú ar Riachtanais ar fud an réigiúin ar Riaracháin Chustaim sna Balcáin Thiar chun meastóireacht a dhéanamh ar a n-acmhainneachtaí gáinneáil aindleathach ar airm thine a chomhrac. Rinneadh an measúnú trí úsáid a bhaint as modheolaíocht a d'fhorbair agus a chuir SEESAC i bhfeidhm roimhe seo le haghaidh Seirbhísí Póilíneachta Teorann agus Coiriúla, lena gcumhdaítear na gnéithe ábhartha uile, lena n-áirítear reachtaíocht, acmhainneachtaí riaracháin agus institiúideacha, riachtanais oiliúna, agus trealamh teicniúil.

Cuireadh misin mheasúnúcháin i gcrích i ngach ceann de na 6 dhlínse, as ar eascair tuarascálacha cuimsitheacha a d'fhormhuinigh na húdaráis. Leagtar síos leo an bonn le haghaidh tacaíocht spriocdhírithe, lena n-áirithítear go ndéanfar údaráis chustaim a chomhtháthú go córasach in iarrachtaí réigiúnacha agus iarrachtaí an Aontais airm thine a rialú. Ní mór acmhainneachtaí custaim a neartú le gur féidir freagairt chomhordaithe trasteorann a dhéanamh le Póilíní Teorann, i gcomhréir le caighdeáin an Aontais maidir le Bainistiú Comhtháite Teorainneacha agus le Treochlár MAAÉ na mBalcán Thiar, agus ar an gcaoi sin, cumas comhchoiteann an réigiúin a threisiú chun gáinneáil aindleathach ar airm thine a chomhrac.

Go dtí seo, níor thairbhigh riaracháin chustaim i bhformhór na ndlínsí d'fhothú chórasach acmhainneachta i ndáil le hairm thine, comhpháirteanna bunriachtanacha, armlón agus pléascáin a bhrath ag pointí trasnaithe teorann. Tá an bhearna sin ríthábhachtach, ós rud é go n-éilíonn rialú éifeachtach arm tine freagairt chomhpháirteach chomhordaithe ó phóilíní teorann agus ó údaráis chustaim araon. Cé gur tacaíodh le seirbhísí na bPóilíní Teorann agus Coiriúla trí Chinntí (2018/1788 agus 2019/2111) ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh arna gcur chun feidhme ag SEESAC, ní raibh tacaíocht shaincheaptha inchomparáide do lucht custaim ann den chuid is mó, seachas rannpháirtíocht i bpróisis réigiúnacha. Ag tógáil ar na ceachtanna a foghlaimíodh agus ar na dea-chleachtais a cuireadh i bhfeidhm le Póilíní Teorann agus Coiriúla, tá cur chuige comhchosúil beartaithe anois d'údaráis chustaim.

Faoi Chinneadh 2024/3006 ón gComhairle, tá tús curtha cheana féin ag SEESAC le gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta trí thacú le forbairt Nósanna Imeachta Oibríochta Caighdeánacha le haghaidh gach Riarachán Custaim sna Balcáin Thiar. Thairis sin, cuirfear oiliúint spriocdhírithe ar fáil ar fud na ndlínsí uile go dtí deireadh 2025. Sainaithnítear sna measúnuithe ar riachtanais go bhfuil easpa trealamh speisialaithe ar cheann de na príomhbhearnaí. Tabharfar aghaidh ar an mbearna sin faoin tionscadal seo.

Bainfear é sin amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

— Trealamh speisialaithe a sholáthar agus a sheachadadh d'Údaráis Chustaim

Torthaí tionscadal/táscairí cur chun feidhme:

— Trealamh a chur ar fáil.

## 4. **Tairbhithe**

Is iad tairbhithe díreacha an tionscadail na hinstitiúidí atá freagrach as rialú MAAÉ sna Balcáin Thiar. Is iad na húdaráis atá freagrach as gnóthaí baile, seirbhísí póilíneachta, gardaí teorann agus na húdaráis chustaim san Albáin, sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin, sa Chosaiv, i Montainéagró, sa tSeirbia, sa Mhacadóin Thuaidh, i bPoblacht na Moldóive agus san Úcráin a bhainfidh tairbhe as tacaíocht chomhairleach, na hiarrachtaí comhordúcháin agus faireacháin, nó as fothú acmhainneachta, cur chun cinn eolais, nósanna imeachta feabhsaithe agus trealamh speisialaithe cost-éifeachtach atá riachtanach chun dul chun cinn beartais, oibríochtúil agus teicniúil a dhéanamh ó thaobh MAAÉ a rialú. Tá na gníomhaíochtaí atá beartaithe i gcomhréir go hiomlán leis an *South East Europe Regional Implementation Plan on Combatting the Proliferation and Impact of SALW* [Plean Feidhmiúcháin Réigiúnach Oir-Dheisceart na hEorpa maidir le Leathadh agus Tionchar MAAÉ a Chomhrac] agus le Treochlár na mBalcán Thiar, chomh maith le tosaíochtaí na gcomhpháirtithe ó thaobh MAAÉ a rialú. Bainfidh pobal Oir-Dheisceart agus Oirthear na hEorpa agus an Aontais i gcoitinne, atá i mbaol mar gheall ar shealbhú, mí-úsáid agus leathadh mídhleathach MAAÉ, tairbhe as an tionscadal seo go hindíreach.

## 5. **Infheictheacht an Aontais**

Déanfaidh SEESAC na bearta uile is gá chun infheictheacht thacaíocht airgeadais an Aontais Eorpaigh a áirithiú. Déanfar na bearta sin i gcomhréir iomlán leis na Ceanglais Chumarsáide agus Infheictheachta le haghaidh Ghníomhaíochtaí Seachtracha an Aontais Eorpaigh (2018) chomh maith leis an treoraíocht nuashonraithe maidir le hInfheictheacht an Aontais a chur in iúl agus a mhéadú: Treoraíocht maidir le gníomhaíochtaí seachtracha (2022).

6. **Fad**

Bunaithe ar an taithí a fuarthas agus Cinntí 2002/842/CBES, 2010/179/CBES, 2013/730/CBES, 2016/2356/CBES, 2018/1788/CBES agus 2022/2321/CBES á gcur chun feidhme, agus raon feidhme réigiúnach an tionscadail, líon na dtairbhithe agus líon agus castacht na ngníomhaíochtaí atá beartaithe á gcur san áireamh, is é 36 mhí an tréimhse don chur chun feidhme.

7. **Suiteáil ghinearálta**

Tá cur chun feidhme teicniúil na gníomhaíochta sin curtha de chúram ar UNDP, ag gníomhú dó thar ceann SEESAC, agus beidh an tionscnamh réigiúnach ag obair faoi shainordú UNDP agus na Comhairle um Chomhar Réigiúnach. Mar ghné feidhmiúcháin den Phlean Cur Chun Feidhme Réigiúnach maidir le leathadh MAAÉ a chomhrac, feidhmíonn SEESAC mar phointe fócasach do na saincheisteanna uile a bhaineann le MAAÉ in Oirdheisceart agus in Oirthear na hEorpa, lena n-áirítear comhordú ar chur chun feidhme an Treochláir réigiúnaigh a éascú. Beidh freagracht fhoriomlán ar UNDP, agus é ag gníomhú dó thar ceann SEESAC, as gníomhaíochtaí an tionscadail a chur chun feidhme agus cuntasacht as cur chun feidhme an tionscadail. Mairfidh an tionscadal 3 bliana (36 mhí).

8. **Comhpháirtithe**

Is é SEESAC a chuirfidh an ghníomhaíocht chun feidhme go díreach i ndlúthchomhar leis na coimisiúin um MAAÉ agus le húdaráis ábhartha ghnóthaí baile na hAlbáine, BiH, na Cosaive, Mhontainéagró, na Seirbia, na Macadóine Thuaidh, Phoblacht na Moldóive, agus na hÚcráine. Beidh dlúthpháirt ag institiúidí eile i gcomhréir leis an gcur chuige iomlánaíoch seanbhunaithe ilpháirtithe maidir le rialú MAAÉ.

9. **Tuarascálacha**

Cumhdófar sa tuairisc, ina mbeidh cur síos mionsonraithe agus sonraí airgeadais, an ghníomhaíocht iomlán a gcuirtear síos uirthi sa chomhaontú ábhartha ranníocaíocht-shonrach agus sa bhuiséad a ghabhann leis, bíodh an ghníomhaíocht sin á maoiniú go hiomlán nó á cómhaoiniú ag an gCoimisiún. Ar bhonn ráithiúil, tíolacfar tuarascálacha insinte ar dhul chun cinn chun taifead agus faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le cur i gcrích na bpríomhthorthaí.